Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11658/22**

**DENLEG 61**
**FOOD 50**
**SAN 477**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D082175/3 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil substaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D082175/3.

Faoi iamh: D082175/3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/11183/2018 Rev. 1
(POOL/E2/2018/11183/11183R1-EN.docx) D082175/03
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil substaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA

GA

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil substaintí sárfhluarailcile in earraí bia áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia[1], agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún[2] socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia.

(2) Is substaintí sárfhluarailcile (PFASanna) iad aigéad sulfónach sárfhluarochtáin (PFOS), aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), aigéad sárfhluaranaonánóch (PFNA) agus aigéad sulfónach sárfhluaraiheacsáin (PFHxS), a úsáidtear, nó a úsáideadh, in go leor feidhmeanna tráchtála agus tionsclaíocha. Mar thoradh ar a n-úsáid fhorleathan, mar aon lena marthanacht sa chomhshaol, tá éilliú comhshaoil forleathan ann. Tá éilliú bia leis na substaintí seo mar thoradh go príomha ar an mbithbhailiú i slabhraí bia uisceacha agus talún agus is é an aiste bia an phríomhfhoinse nochta do PFASanna. Mar sin féin, le húsáid ábhar teagmhála bia ina bhfuil PFASanna, is dócha go gcuirtear le nochtadh an duine dóibh freisin.

(3) An 9 Iúil 2020, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim maidir leis an riosca do shláinte an duine a bhaineann le substaintí sárfhluarailcile a bheith i mbia[3]. Chinn an tÚdarás gur féidir le PFOS, PFOA, PFNA agus PFHxS a bheith ina gcúis le héifeachtaí forbraíochta agus go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith acu ar colaistéaról séirim, ar an ae agus ar an gcóras imdhíonachta agus ar mheáchan breithe. Mheas sé gurbh iad na héifeachtaí ar an gcóras imdhíonachta an éifeacht ba chriticiúla agus bhunaigh sé méid carnach i dtaca le hiontógáil sheachtainiúil infhulaingthe (TWI) 4.4 ng/kg de mheáchan coirp le haghaidh shuim PFOS, PFOA, PFNA agus PFHxS, ar méid é a thugann cosaint freisin i gcoinne éifeachtaí eile na substaintí sin. Chinn sé maidir le nochtadh codanna de dhaonra na hEorpa do na substaintí sin go sáraíonn sé TWI, agus gur ábhar imní atá ann.

[1] IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

[3] Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra (CONTAM); Scientific opinion on the risk to human health related to the presence of perfluoroalkyl substances in food.[Tuairim Eolaíoch maidir leis an riosca do shláinte an duine a bhaineann le láithreacht substaintí sárfhluarailcile i mbia]. *EFSA Journal [Iris EFSA]* 2020 ; 18(9):6223, https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/full/10.2903/j.efsa.2020.6223.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart uasleibhéil maidir leis na substaintí sin i mbia a shocrú chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú.

(5) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le tréimhse réasúnta chun go bhféadfaidh oibreoirí gnó bia iad féin a oiriúnú do na huasleibhéil a leagtar amach sa Rialachán seo.

(6) Agus seilfré fhada earraí bia áirithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo á cur san áireamh, ba cheart a cheadú d'earraí bia a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo fanacht ar an margadh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a leasú dá réir sin.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Earraí bia a liostaítear san Iarscríbhinn a chuirtear ar an margadh go dleathach roimh an 1 Eanáir 2023, féadfaidh siad fanacht ar an margadh go dtí an dáta íosmharthanachta nó an dáta deiridh úsáide.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*